**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gCúnamh Forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta Rátaí Malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamhinmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na seachtaine.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Ag Feabhsú Timpeallachta Rialaithe Inmheánaigh**

Ar 19 Deireadh Fómhair, 2012, thuairiscigh Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Uganda mí-leithghabháil de shuim €11.6 milliún de chistí deontóra laistigh den Chlár Síochána, Téarnaimh agus Forbartha (CSTF). Bainistítear CSTF ag Oifig Phríomh-Aire Uganda. Bhain €4 mhilliún den mhí-leithghabháil iomlán seo le maoiniú a íocadh amach le linn 2011 ó Vóta 27.

Ar 27 Nollaig 2012, tar éis pléite ardleibhéil a cuireadh ar cois ag Rialtas na hÉireann, chúitigh Údaráis Uganda go hiomlán an €4 mhilliún go díreach le hAmbasáid na hÉireann in Uganda.

Ar fhoilsiú thuarascáil Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Uganda, tharla roinnt príomhghníomhartha mar fhreagra díreach ar mhí-leithghabháil seo an mhaoinithe.

- Cuireadh gach maoiniú Éireannach trí chórais de chuid Rialtas Uganda ar fionraí ar an toirt.
- Cuireadh i gcrích imscrúdú mionsonraithe ar an mí-leithghabháil ag Aonad Measúnaithe agus Iniúchta mo Roinnese.

Foilsíodh tuairisc eatramhach an aonaid ar 15 Samhain 2012. Fuair an tuairisc amach an méid seo:

- Tharla caimiléireacht shofaisticiúil, ina raibh claonpháirteachas i gceist ag leibhéil shinsearacha de chuid Rialtas Uganda, rud a mheastar a bheith eisceachtúil agus nach féidir bheith ag súil leis sa ghnáthshlí.
- D'éascaigh roinnt laigí i gcórais státchiste agus bhainc Uganda an chaimiléireacht.
- Bhí roinnt easnamh ann i dtaca le cur i bhfeidhm rialuithe áirithe i gcórais Chúnaimh Éireann, a laghdaigh an seans go ndéanfaí an chaimiléireacht a aimsiú níos luaithe ag mo Roinnese.
- Ag cur san áireamh a chasta is atá na cláir chúnaimh, teastaíonn cur chuige níos onnghníomhaí le cinntiú go mbíonn toilleadh acmhainne imleor ag cláir, sna tosca sin ina dtarlaíonn athruithe foirne trí uainíocht rialta san áireamh.

Chomh maith le cur ar fionraí an mhaoinithe mhol an tuairisc go ndéanfaí an Ambasáid na rudaí seo a leanas:

- scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnáthamh, lena n-áirítear próisis íoctha amach agus tráthúlacht an rianaithe, sa tslí gur léiríodh cistí a íocadh amach chuig rialtas comhpháirtíochta ina gcuid cuntas foilsithe, agus
- cinntiú go mbíonn struchtúir chumarsáide idir iniúchadh inmheánach ag an leibhéal áitiúil i dtíortha comhpháirtíochta agus lucht bainistíochta sinsearaí na Roinne ag feidhmiú agus go gcuirtear ceisteanna ábhartha ar a súile dóibh ar bhonn tráthúil.

Rinne an tuarascáil moltaí ginearálta freisin maidir le minicíocht na measúnuithe riosca ar fud na gclár ar fad agus maidir leis an ngá atá ann le hathbhreithniú ar na socruithe bainistíochta ar fad sna tíortha cláir ar fad.

I ndiaidh an imscrúdaithe ag an aonad Measúnaithe agus Iniúchta, d'iarr mé ar gach Ceann Misin a bhainistíonn cláir chúnaimh dhéthaobhacha tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar na córais agus na gnáthaimh rialaithe inmheánaigh, bhainistíochta riosca agus tuairiscithe atá i bhfeidhm ag leibhéal an mhisin, agus leis na córais chéanna a threisiú nuair a bhíonn a leithéid iomchuí. Ina theannta sin, bhuail mé leis na hAmbasadóirí agus leis na Cinn Mhisin le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú riosca laistigh den chlár cúnaimh.

Faoi láthair tá an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta ag cur athbhreithniú mionsonraithe i gcrích i dtaca lena iomchuí is atá na rialuithe inmheánacha agus na córais bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag gach misean. Beidh tuarascáil faoin athbhreithniú seo ar fáil go luath i Mí Mheán Fómhair agus tá mé tiomanta do chur i bhfeidhm aon mholtaí ón athbhreithniú seo.

Tá mé tiomanta freisin do chinntiú go bhfoghlaímid ón méid a tharla in Uganda agus go ndéanaimid ár gcuid córas aithinte agus bainistíochta riosca a threisiú tuilleadh, chomh maith le monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh leis an bhféidearthacht go mbainfí mí-úsáid as cistí a laghdú oiread agus is féidir sa todhchaí.

**David Cooney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

25 Márta 2013

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Mí-leithghabháil mhaoinithe chúnaimh***

Faoi mar a breacrianaíodh i nóta 7 don chuntas, thángthas ar mhí-leithghabháil mhaoinithe chúnaimh le linn 2011 maidir le thart ar €4 mhilliún de mhaoiniú a íocadh amach chuig an Roinn ag Údaráis Uganda go déanach i 2012.

Tugann an Ráiteas faoi Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh breac-chuntas ar na céimeanna a chuir an Roinn i gcrích mar fhreagra ar aimsiú na mí-leithghabhála.

Tagraíonn Caibidil 13 de mo thuairisc faoi chuntais 2012 na seirbhísí poiblí do mhí-leithghabháil chúnamh Uganda agus ceisteanna áirithe eile a bhaineann le Vóta 27 ar mheas mé é a bheith iomchuí tuairisc a thabhairt fúthu.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Meán Fómhair 2013

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | 514,030 | 508,721 | 518,687 |
| | **Ollchaiteachas** | **514,030** | **508,721** | **518,687** |
| | *Bain de:* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,153** | **1,419** | **1,790** |
| | **Glanchaiteachas** | **512,877** | **507,302** | **516,897** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don bhliain | 5,575,080 | 5,980,013 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,962 | 15,927 | 16,306 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,500 | 2,038 | 2,084 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,490 | 1,134 | 1,488 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,835 | 1,527 | 1,563 |
| v | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | 1,840 | 1,178 | 1,207 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 3,600 | 3,355 | 3,364 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,400 | 588 | 1,092 |
| viii | Costais ionadaíochta agus lóistín thar lear | 1,600 | 1,174 | 1,099 |
| | | 32,227 | 26,921 | 28,203 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 481,800 | 490,484 |
| Pá | | 15,927 | 16,306 |
| Caiteachas eile | | 10,994 | 11,897 |
| **Ollchaiteachas** | | **508,721** | **518,687** |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,419** | **1,790** |
| **Glanchaiteachas** | | **507,302** | **516,897** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (29) | | |
| Diúscairtí | 40 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (35) | | |
| Dímheas | 465 | | |
| | | 441 | 450 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 38 | | |
| Laghdú ar stoc | (5) | | |
| | | 33 | (3,097) |
| **Costas glan clár** | | **507,776** | **514,250** |

Nochtaítear an caiteachas íoctha ar vótaí eile agus na cíosanna barúlacha gaolmhara don chlár seo i nóta 1 de Vóta 28 – An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 9,011 | 9,452 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 4,590 | 6,350 |
| Stoic | 2.5 | 20 | 15 |
| Réamhíocaíochtaí [1] | | 10,238 | 10,235 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 11 | 31 |
| Glandliteanas on Státchiste | 2.8 | 74 | (2,061) |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **14,933** | **14,570** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 179 | 138 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 106 | 164 |
| Ciste chúnamh déthoabhach agus chúnamh eile (Deontas-i-gcabhair) | 7 | 4,569 | 4,156 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **4,854** | **4,458** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **10,079** | **10,112** |
| **Glansócmhainní** | | **19,090** | **19,564** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **19,090** | **19,564** |

[1] Cuimsíonn réamhíocaíochtaí €8.9m a íocadh chuig Ciste Forbraíochta na hEorpa mar chuid de ranníocaíocht mheasúnaithe na hÉireann do 2013.

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 19,564 | 16,917 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 507,302 | 516,897 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | — | — |
| Costas glan clár | 1 | (507,776) | (514,250) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **19,090** | **19,564** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 512,877 | 522,877 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (5,575) | (5,980) |
| | | 507,302 | 516,897 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | — | — |
| Maoiniú iomlán tarraingthe anuas | | **507,302** | **516,897** |

## 2.3 Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Feithiclí | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 8,308 | 1,011 | 721 | 1,685 | 2,297 | 14,022 |
| Breiseanna | — | 13 | 12 | 4 | — | 29 |
| Diúscairtí | — | (10) | — | (3) | (142) | (155) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 8,308 | 1,014 | 733 | 1,686 | 2,155 | 13,896 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | — | 857 | 632 | 1,169 | 1,912 | 4,570 |
| Breiseanna | — | 115 | 49 | 122 | 179 | 465 |
| Diúscairtí | — | (6) | — | (2) | (142) | (150) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | — | 966 | 681 | 1,289 | 1,949 | 4,885 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **8,308** | **48** | **52** | **397** | **206** | **9,011** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **8,308** | **154** | **89** | **516** | **385** | **9,452** |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 4,590 | 6,350 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | — |
| | 4,590 | 6,350 |

## 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 20 | 15 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Ilfhéichiúnaithe | 11 | 31 |

## 2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 68 | 97 |
| Cáin Bhreisluacha | 38 | 19 |
| | 106 | 116 |
| Iarmhéideanna eile creidmeasa | — | 48 |
| | 106 | 164 |

## 2.8 Glandliteanas (ón)/don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,575 | 5,980 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,649) | (3,919) |
| Glandliteanas (ón)/don Státchiste | (74) | 2,061 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 4,590 | 6,350 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 11 | 31 |
| | 4,601 | 6,381 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (106) | (116) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | — | (48) |
| Ciste Déthaobhach agus ciste comhoibrithe eile (deontas-i-gcabhair) | (4,569) | (4,156) |
| | (4,675) | (4,320) |
| | (74) | 2,061 |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | Dlite laistigh de 12 mhí<br>€000 | Dlite idir bliain amháin agus cúig<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí | 1,891 | 1,652 |

Baineann an figiúr iomlán ag 31 Nollaig 2012 do cheangaltais ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn le conarthaí faoi na fotheidil riaracháin.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 16,962 | 15,927 | 16,306 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 15,265 | 10,994 | 11,897 |
| A.3 | Íocaíocht don chiste deontais i gcabhair do chomhoibriú déthaobhach agus comhoibriú eile (deontas-i-gcabhair) | 357,303 | 357,303 | 365,633 |
| A.4 | Cúnamh Daonnúil Éigeandála | 51,000 | 51,000 | 50,997 |
| A.5 | Íocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 34,000 | 33,999 | 34,354 |
| A.6 | Ranníocaíochtaí le na náisiúin aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | 39,500 | 39,498 | 39,500 |
| | | 514,030 | 508,721 | 518,687 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €5,310,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 4,271 | Seachadadh coigilteas trí mheán srianta costais ar gach fotheideal riaracháin neamhphá ach go háirithe faoi na fotheidil taistil, caiteachais theagmhasaigh, soláthar oifige agus comhairleachtaí. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2012** | | **2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Leithreasaí-i-gcabhair | 300 | 620 | 1,018 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 853 | 799 | 772 |
| | **Iomlán** | 1,153 | 1,419 | 1,790 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh,] agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Leithreasaí-i-gcabhair | (320) | D'eascair an farasbarr mar gheall ar aisíocaíochtaí CBL agus deontais a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus faoin gclár cúnaimh dhéthaobhaigh. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 189 | 194 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 14,285 | 14,894 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 35 | 34 |
| Liúntais eile | 28 | 44 |
| Ragobair | 61 | 37 |
| ÁSPC an Fhostóra | 796 | 788 |
| **Pá Iomlán** | **15,205** | **15,797** |

Ní chuireann na figiúirí iomlána pá thuas san áireamh caiteachas neamhphá a ghearrtar do thuarastail, do phá agus do liúntais. Tá an caiteachas seo déanta go príomha as tuarastail agus as costais ghaolmhara d'fhoireann slándála i misin.

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2012** | **2011** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 5 | 2 | 16,469 | 12,345 |
| Liúntais eile | 18 | — | 6,928 | 6,622 |
| Ragobair | 21 | 1 | 10,644 | 10,612 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Luach Saothair Eile**

Athfhostaíodh ceathrar státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €64,007.

# 6 Ilghnéitheach

**Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí NA agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.6)**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) | 8,900 | 8,940 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) | 8,200 | 8,200 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) | 6,100 | 6,100 |
| Cláir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) | 1,200 | 1,200 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,181 | 3,050 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 1,950 | 2,000 |
| UNAIDS | 3,000 | 3,000 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM) | 1,500 | 1,200 |
| Clár Idirnáisiúnta Rialaithe Drugaí na Náisiún Aontaithe | 100 | 100 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 418 | 481 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNWRA) | 4,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 57 | 755 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 450 | — |
| Eile – ilghnéitheach | 442 | 474 |
| | 39,498 | 39,500 |

# 7 Cuntais Ilghnéitheach

**Cuntas ciste (deontas i gcabhair) déthaobhach agus cistí comhoibrithe eile**

**Cuntas na bhFáltas agus na n-Íocaíochtaí don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2012 | 4,156 | 4,447 |
| Deontas-i-gcabhair 2012 | 357,303 | 365,633 |
| | 361,459 | 370,080 |
| Caiteachas don bhliain | (356,890) | (365,924) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2012 | 4,569 | 4,156 |

Ina theannta sin, ag 31 Nollaig 2012, bhí iarmhéideanna neamhchaite ar luach iomlán €8.93 milliún (2011: €3.98 milliún) á gcoimeád i gcuntais bhainc agus iad á rialú ag Ambasáidí agus oifigí Cúnaimh Éireannacha i 11 dtír. As an tsuim iomlán seo baineann €4.13 milliún le haisíocaíocht mhéid an mhaoinithe a ndearnadh mí-leithghabháil air chuig Ambasáid na hÉireann in Uganda.

I Mí Dheireadh Fómhair 2012, thuairiscigh Ard-Iniúchóir Uganda mí-leithghabháil de €11.6 milliún de chistí deontóra laistigh den Chlár Síochána, Téarnaimh agus Forbartha (CSTF). Bainistíodh CSTF ag Oifig Phríomh-Aire Uganda. Bhain €4 mhilliún den mhí-leithghabháil iomlán seo le maoiniú Éireannach a íocadh amach le linn 2011 ó Vóta 27.

I Mí na Nollag 2012, chúitigh údaráis Uganda méid iomlán an mhaoinithe a ndearnadh mí-leithghabháil air, i scillingí Uganda. B'ionann sin is luach €4.13 milliún ag an dáta sin.

Faoi ghnáthaimh phoiblí airgeadais tá cúiteamh €4.13 milliún le híoc amach i 2013.